POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

7 Eanáir 2021

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus ag tabhairt aire daoibh fhéin.

Gan dabht tá cinntí an rialtais ó inné feicthe agaibh agus chun sibh a choimeád suas chun dáta tá roinnt eolais thíos. Tuigim go maith go bhfuil imní ar roinnt daoine agus go mbeidh dúshláin i gceist dúinn ar fad ach mar is gnách beimid ag tarraingt le chéile chun tacú lena chéile.

Táim fhéin agus Elaine ag freastal ar chruinnithe faoi láthair agus tá an scéal ag athrú in aghaidh an lae. Tá cuid den eolas mall ag teacht ach tá roinnt rudaí cinnte. Beidh an chianfhoghlaim ag dul ar aghaidh arís an tseachtain seo chugainn.

Tá plean réidh le dul againn bunaithe ar an aiseolas ar fad a fuaireamar ón suirbhé a deineadh ar an gcianfhoghlaim le múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí. Beimid ag roinnt an plean leis na daltaí ar fad i cruinnithe Zoom Dé Luain. Tá ríomhphost curtha go dtí na daltaí leis na sonraí air seo.

Beimid ag tosnú leis an gcianfhoghlaim maidin Dé Máirt. Má leantar leis an bplean Bl 6 agus daltaí an Aonaid a chur ar scoil tiocfaidh daltaí an Aonaid chugainn Dé Máirt agus Bl 6 Dé Céadaoin.

Beimid ag tabhairt deis do na daltaí thar an tseachtain ar fad teacht ar scoil agus a leabhartha a bhailiú. Beidh sé seo eagraithe againn ar Google Doc agus beidh sé pléite againn leis na daltaí sna cruinnithe Dé Luain.

Má thagann aon eolas eile i mo threo roinnfidh mé libh é.
Tugaigí aire agus táim i gcónaí ar fáil má tá aon rud uaibh.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

# Pobalscoil Chorca Dhuibhne

7 Eanáir 2021

*A chairde,*

*I hope you are keeping well and taking care.*

*Undoubtedly you saw the Government's decisions yesterday and please find below some further information to keep you up to date. I understand that many of you are worried and challenges lie ahead for all of us but as normal we will pull together to support each other through these unprecedented times.*

*Elaine and I are attending meetings at the moment and the situation is changing on a daily basis. Some of the information is slow in arriving but some things are certain and therefore we will be resuming remote learning next week.*

*We have a plan prepared for this situation based on the feedback from our survey on remote learning conducted with parents, students and teachers. We will be sharing this plan with all students during scheduled Zoom meetings on Monday. An email has been sent to the students with details on this.*

*We will recommence the remote learning on Tuesday morning. If the Department continues with the current plan of allowing Leaving Certificate, Leaving Cert Applied and students from the Autism Unit to attend school we will welcome students from the Unit back on Tuesday and the Leaving Cert students on Wednesday.*

*We will also be giving students an opportunity to come to school to collect their school books. We will organise this in a controlled manner using a Google Doc and again we will discuss it with the students during the Zoom meeting on Monday.*

*If any further information emerges in the meantime I will share it with you.*
*Take care and I am always available to assist in any way I can.*

*Le buíochas,*

*Éamonn Mac Muiris*
*Príomhoide*